## Aguisín do *Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí*

## Sábháilteacht ar Líne

**Plean Gníomhaíochta maidir le Sábháilteacht ar Líne**
Is é is cuspóir don aguisín seo forlíonadh a dhéanamh ar *Thús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* [RLGÓ, 2017]. Is iad sin na treoirlínte atá ann chun cabhrú le gairmithe, le heagraíochtaí agus le daoine aonair chun mí-úsáid agus faillí leanaí a aithint agus a thuairisciú. Tá an t-aguisín seo eisithe ag an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi alt 6 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 de bharr gealltanais a rinneadh i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Líne 2018-2019. Sa phlean sin, luaitear an méid seo a leanas:

> *"Déanfaimid an Treoir um Thús Áite do Leanaí a leasú chun tagairt faoi leith a chur isteach faoin riachtanas atá ann chun sábháilteacht ar líne a chur san áireamh nuair atá Ráiteas um Chumhdach Leanaí á chur i gcrích."*

**Oibleagáidí ar eagraíochtaí chun leanaí agus daoine óga a chosaint**

Tá dualgas ar eagraíochtaí ábhartha cinnte a dhéanamh de go bhfuil leanaí agus daoine óga slán ó dhíobháil nuair atá seirbhísí á úsáid acu. Tá sé sin ar cheann de na príomhchuspóirí a bhaineann leis an Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Déanann an tAcht é sin trí na hoibleagáidí reachtúla seo a leanas a chur ar eagraíochtaí:

- Leanaí a choimeád slán ó dhíobháil agus iad ag úsáid na seirbhíse
- Measúnú riosca a dhéanamh chun fáil amach an bhfuil an seans ann go ndéanfaí díobháil do leanbh nó do dhuine óg agus iad ag úsáid na seirbhíse
- Ráiteas um Chumhdach Leanaí a fhorbairt ina ndéantar cur síos ar na polasaí agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun na baoil atá aitheanta a bhainistiú
- Duine cuí a ceapadh chun a bheith ina chéad phointe teagmhála maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí na heagraíochta

Na cineálacha eagraíochtaí agus seirbhísí a bhfuil freagrachtaí reachtúla orthu faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, tá siad liostaithe ina n-iomlán in Aguisín 1 sa Treoir um Thús Áite do Leanaí.

Ní dhéanann an t-aguisín seo na hoibleagáidí a athrú nó a mhéadú. Tá sé foilsithe chun soiléiriú a thabhairt do na heagraíochtaí a chuireann seirbhísí ábhartha ar fáil do leanaí. Ba chóir dóibh an cheist ar leith seo, sábháilteacht ar líne, a chur san áireamh agus iad ag déanamh a measúnuithe riosca agus ag ullmhú a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

**Leanaí agus daoine óga a choimeád slán ó dhíobháil ar líne**

Deirtear i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Sábháilteacht ar Líne "nach féidir domhan a shamhlú gan an idirlíon nó am amach anseo ina bhfuil ról níos lú ag an idirlíon inár saolta ná mar atá aige sa lá atá inniu ann".

Tá sé tábhachtach go n-admhaímid an ról lárnach atá ag an idirlíon inár saolta agus go dtugaimid tacaíocht do leanaí agus do dhaoine óga chun leas a bhaint as na deiseanna nach raibh ar fáil roimh an idirlíon; deiseanna chun foghlamtha, chun rudaí nua a aimsiú agus a chruthú agus chun cumarsáid a dhéanamh. Tá na deiseanna sin ar fad ar fáil mar gheall ar theicneolaíochtaí nua.

Cé go bhfuil siad níos muiníní agus go bhfuil siad in ann teicneolaíochtaí nua a úsáid, uaireanta ní thuigeann leanaí agus daoine óga na contúirtí a bhaineann leis an idirlíon. Cuirtear Tús Áite do Leanaí i bhfeidhm ar an tuiscint go bhfuil gach duine sa tsochaí freagrach as leanaí agus daoine óga a choimeád slán ó dhíobháil. Is cuid den fhreagracht sin é leanaí a choimeád slán ó dhíobháil ar líne.

Ba chóir go gcuirfí tacaíocht agus spreagadh ar fáil do leanaí chun iompar ar líne atá sábháilte agus freagrach a fhorbairt. Má tá seirbhís ábhartha ag cuir rochtana ar an idirlíon ar fáil do leanaí, agus má tá baol ar bith ann go ndéantar díobháil dóibh, ionsaí nó drochúsáid ghnéasach san áireamh (mar a leagtar amach in At 2 den Acht), tá sé de dhualgas ar an soláthraí seirbhíse cinnte a dhéanamh de go bhfuil an baol aitheanta agus go bhfuil na polasaithe agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun an baol a bhainistiú leagtha amach sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí. Leagtar amach i *dTús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí* [RLGÓ, 2017] agus sa *Treoir maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí a Fhorbairt* [Tusla, 2017] tuilleadh eolais mhionsonraithe maidir le measúnú riosca a dhéanamh.

Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le Tusla i gcónaí dá mbeadh forais réasúnta imní agat go bhfuil díobháil déanta don leanbh, nó go bhfuil díobháil á dhéanamh do leanbh nó go bhfuil leanbh i mbaol díobhála.

I gCaibidil 2 sa Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta, leagtar amach treoir ar céard is 'foras réasúnta imní' ann.

Is féidir leat imní a thuairisciú chuig Tusla trína tairseach ar líne.

**Má tá tú den tuairim go bhfuil leanbh i gcontúirt tromchúiseach, agus mura bhfuil tú in ann dul i dteagmháil le Tusla, déan teagmháil leis na Gardaí gan mhoill.**

**Tuilleadh acmhainní:**

Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí [RLGÓ 2017]

Treoir maidir le Ráiteas um Chumhdach Leanaí a Fhorbairt [Tusla, 2017]

Cosaint Leanaí: Treoir do Pholasaí, Nósanna Imeachta agus Chleachtas [Tusla 2017]

Be Safe Online: Mol Oifigiúil na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Líne [Rialtas na hÉireann]

www.webwise.ie

www.hotline.ie

www.watchyourspace.ie

***An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige***
***Eanáir 2019***